# Díospóireaċt Roinn na Gaeltaċta

(Ar lean. ó leaṫ. 5)

taḃairt ba dul-ċun-cinn é anois dá mbeaḋ níos mó airgead caite.

Dúirt cainteoirí eile naċ raiḃ seans ar biṫ go sáḃáilfí an Ġaeilge, muna sáḃáileófaí na ceantair Gaeltaċta agus go ḃféadfaḋ na daoine beo iontu maireaċtáil. Go dtí seo, níor éiriġ leis an Rialtas san ċuspóir seo.

Tá nós na h-imirce ar siúl fós go Huddersfield agus Camden Town, áit a ḃfuil siad ag obair ar obair sclábaí. Measaim go dtiocfaiḋ le duine castáil ar níos mó cainteoirí dúċais i London ná ins na ceantair Gaeltaċta. Tá a mbealaċ beaṫa agus an cruatan atá acu léiriṫe insan leaḃar a scríoḃ Dónal Mac Amalgaiḋ agus a d'aistriġ an, taidleoir ċuig an tSualainn dúinn.

Dar leis go raiḃ cuid mór den naiṁdeaċas don Ġaeilge ag éirí as an droċ ṫeagasc ins na scoltaċa. Meas sé gur éiriġ le roinnt daoine an teanga Ġaeilge a ḋéanaṁ neaṁśsásúil ná mar a ḃí faoi Rialtas na Sasana. Ḃí droċ ṫeagasc insan Ġaeltaċt agus ḃí easpa Gairmscoltaċa ins na ceantair Gaeltaċta. Ḃí siad ag súil go raċaḋ an t-údarás fear-ċuṁaċt i mbun gnó don Ġaeltaċt agus go ndéanfaḋ siad rud éigin pleanáilte leis na nósanna imirce a ḃriseaḋ, idir na ceantair Gaeltaċta agus Sasain, agus na daoine a ṫraenáil fá ċoinne postanna maiṫe ins na coda tionsclaċ den tír.

Má ḃí teagasc na Gaeilge neaṁ-ṡásúil féin, ḃí an ċuid den gnáċ ṗobal a raiḃ tacaíoċt láidir acu don teanga Ġaeilge ⁊ cultúr na hÉireann. Ḃí cruṫú air sin, idir Fleaḋanna Ceoil agus a lán rudaí eile, go raiḃ pobal na tíre i leiṫ na Gaeilge agus an Ġaelaċais.

Ba iad an maorlaṫas a ṁill an Ġaeilge. Ní dearna luċt turasóireaċta iarraċt ar biṫ ar úsáid a ḃaint as táḃaċt na Gaeilge leis antír seo a ḋéanaṁ níos tarrantaí do ṫurasóirí, go h-áitrid go luċt Ṁeiriceá. Bíonn luċt Ṁeiriceá ag aṁarc i gcónaí fá ċoinne rud éigin de sean ċultúr na hÉireann. Níor ṫuig sé ariaṁ, cé'n fáṫ naċ mbeaḋ caṫair cosúil le Gailliṁ i ḃfad níos díograsaí ar iad féin a ċur os coṁair an tsaoil mar ċaṫair Gaeltaċta.

Ba ċeart go mbeaḋ an -tAire Oideaċais agus an tAire Tionscail agus Tráċtála i láṫair ag an díospóireaċt ós rud é go raiḃ baint aige leis an dá roinn sin.

Dár leis, dá mbeaḋ Teaċtaí ann a d'ḟéadfaí Gaeilge a labhairt agus gan ábhar iontais a ḋéanaṁ díoḃa, go mbeaḋ i ḃfad níos mó úsáid á ḃaint as an Ġaeilge i ngná díospóireaċtaí Dáil Éireann.

Ḃí áṫas air adúirt sé, gur fágaḋ ceist na Gaeilge amaċ as cúrsaí polaitíoċt le linn an toġċáin, agus gur stop Fine Gael de na h-ionsaí a ḃí siad a ḋéanaṁ ar an Ġaeilge. Ba ċeart do gaċ aicme seasaṁ ar ċúl na Gaeilge.

Aċ, de ṫairḃe an Ṗáipéar Ḃáin, agus ráiṫéisí an Rialtais, ba ċosúil anois go raiḃ Fianna Fáil sásta go mbeaḋ siad i gceannas ar tórraṁ nó soċraid na Gaeilge. Ba ṁaiṫ leis an Luċt Oibre leanúint de ṗolasaí Séamas Ó Congaile, a ṫuig go maiṫ go raiḃ níos mó ná gnéiṫí eacnamiceaċ i saol an duine, agus a ṫuig go maiṫ gur ċeart go mbeaḋ ár dteanga féin againn. Tá muid suas in éadan luċt gnóṫa insan tír seo anois, atá ag iarraiḋ taḃairt orainn Fraincís agus Gearmánais a ḟoġlaim ag ullṁú den uair a raċaiḋ muid isteaċ sa Eoraip, ⁊ atá ag meas gur cailliúint ama é a ḃeiṫ ag foġlaim Gaeilge. Tá muid bródúil as a ḃeiṫ inár gcuid de saoṫúlaċt iarṫar na hEoraipe, aċ, cinnte ba ċeart dúinn ár saoṫúlaċt féin do ṡáḃáil mar cuid den saoṫúlaċt sin. Ḃeaḋ an saoṫúlaċt sin agus saoṫúlaċt an doṁain níos saiḃre, aċ ár saoṫúlaċt féin a ḃeiṫ ina ċuid de.

# Freagra an Rúnaí Pairliminte

Ba ṁaiṫ liom i dtosaċ mo ḃuíoċas a ġlacaḋ leis an Teaċta Ó Doṁnaill as a ċoṁġáirdeaċas. Ba ṁaiṫ liom fosta mo ḃuíoċas a ġlacaḋ leis na Teaċtaí eile a labhair ar an Meastaċán seo. Ḃí níos mó acu ann i mbliana ná i mblianta beaga anuas. Tá a lán Teaċtaí óga sa Dáil anois agus tá a ḟios agam go gcuirid i ḃfad níos mó spéise agus suime sa Ġaeltaċt agus san obair atá le déanaṁ agus á ḋéanaṁ sa Gaeltaċt ná mar a ċuirtí go dtí seo. Forṁór acu d'ḟoġlaim siad an Ġaeilge sna scoileanna agus ċuadar ċuig an Ġaeltaċt. Tá a ḟios agam go labrann a lán acu an teanga gan mórán trioblóide agus go gcuirid suim mór san obair atá idir láṁa againn ar ṁaiṫeas na Gaeltaċta.

Go dtí seo ba ġnáṫ na freagraí ar an Meastaċán a ṫaḃairt i nGaeilge agus i mBéarla. Ní trí 'aon dí-ṁeas ar na Teaċtaí a labhair sa Teaċ aċ cionn is gurb é mo ċéad uair ag taḃairt freagra ar Meastaċán agus go ḃfuil a ḟios agam go dtuigfiḋ na Teaċtaí a labair mé, tá beartaiṫe agam na freagraí ar fad a ṫaḃairt i nGaeilge.

Rinne an Teaċta Ó Doṁnaill tagairt do líon an ṗobail sa Ġaeltaċt i 1926 agus i 1965 agus dúirt sé go raiḃ laġdú mór ann. Tá a ḟios agam go ḃfuil an ḟírinne ansin. Aċ is fíor, fosta, go ḃfuil laġdú dá réir tagṫa ar líon an ṗobail ċuile áit faoin dtuaiṫ, go mór ṁór san iarṫar. Taispeánann sé sin an obair ḋeacair, ċruaiḋ atá os mo ċoṁair sa Roinn seo. Níl éinne is fearr a ṫuigeann é sin ná an Teaċta Ó Doṁnaill agus sin é an ráṫ a ḃfuilim ag iarraiḋ ar ċuile Ṫeaċta anois a ċaḃair a ṫaḃairt dom san obair ar ṁaiṫeas na Gaeltaċta.

Is é an obair is mó atá roṁainn iarraċt a ḋéanaṁ le níos mó oibre a ċur ar fáil do ṁuintir na Gaeltaċta ċun cosc a ċur leis an imirce agus ċun na daoine a ċoinneáil sa ḃaile. Sin é atá beartaiṫe againn: sin é ár gcuspóir sa Ḃille nua atá le taḃairt isteaċ againn gan mórán moille.

Do ṫagair an Teaċta Ó Doṁnaill do scéimeanna ċun páistí a ċur ċuig an nGaeltaċt ar feaḋ na bliana. Tá scéim ceapṫa againn ċun deontais a ċur ar fáil ionas go mbeiḋ páistí in ann dul ċuig an nGaeltaċt ar feaḋ téarma scoile gaċ bliain. Ḃí scéim mar sin idir láṁa ag Gael - Linn go dtí seo aċ beiḋ a ṫairḃe ag gaċ Coiste aiṫeanta feasta. Is é an deacraċt mór annseo naċ maiṫ le tuismiṫeoirí na páistí a ligean ċun an Gaeltaċta ar feaḋ na bliana ar fad — níl sé ró-easca fiú iad a ḟáil ar feaḋ téarma scoile. Tá go leor tuismiṫeoirí ann a mbíonn eagla orṫú go mbrisfí leanúnaċas oideaċais a gcuid páistí, agus sin é an fáṫ naċ maiṫ leo iad a ligean ċun na Gaeltaċta ar feaḋ tréiṁse fada.

Rinne an Teaċta céanna tagairt don iascaireaċt. Is féidir báid agus fearais a ċeannaċ ar ṫéarmaí speisialta ar ṁaiṫe le forbairt na h-iascaireaċta sa Ġaeltaċt. I dtaoḃ na foraoiseaċta, tá 30,000 acraí ar seilḃ againn. Tá 21,000 acraí curṫa agus tá 25,000 acraí eile á dtairiscint

labair an Teaċta ar ḋeontas le haġaiḋ aṁarclanna. Níl a ḟios agam ar tugaḋ deontas d'aon aṁarclainn eile aċ do Gaoṫ Doḃair aċ is eol dúinn go ḃfuil daoine ansin a ḃfuil baint acu leis an aisteoireaċt agus cuireann sé áṫas orm ḋaoine mar sin a ḟeiceáil sa Ġaeltaċt. Déanann siad sin a lán maiṫeasa don Ġaeltaċt agus don teanga. Tá socraiṫe againn deontas a ċur ar fáil don Ċoṁairle Náisiúnta Drámaíoċta ċun cuidiú leo ina gcuid oibre.

Rinne an Teaċta Ó Ceallaiġ tráċt ar scoláireaċtaí agus tá a ḟios agam go ḃfuil toraḋ maiṫ ar an obair sin. Labair sé fosta ar Ġaeltarra Éireann. Mar a dúras i dtosaċ, tá ar intinn againn a ċur ar ċumas Ġaeltarra Éireann níos mó oibre a ċur ar fáil do ṁuintir na Gaeltaċta.

Ba ṁaiṫ liom, fosta, rud éigin a rá leis an Teaċta Coogan. Ḃís sé ag caint i dtaoḃ páistí na Gaeltaċta agus dúirt sé naċ ḃfuilid ag foġlaim Béarla. Ní foír é sin. Tá sé riaċtanaċ sa Ġaeltaċt an Béarla a ḟoġlaim sa ċaoi ċéanna ina ḃfuil sé riaċtanaċ san Ġalltaċt an Ġaeilge a ḟoġlaim.

Ċoṁ maiṫ leis sin, rinne sé tagairt do ḋaoine naċ mbeaḋ páirteaċ i ngluaiseaċt na Gaeilge aċ aṁáin go ḃfuil rud éigin le fáil acu as. Tá sé sin á rá ag daoine le fada an lá. Níl ann aċ caint. Tá a ḟios agamsa gur fíor-ḃeagán atá le fáil ag éinne as a ḃeiṫ páirteaċ i ngluaiseaċt na Gaeilge. Ní ḟaca mise duine ar biṫ a d'oibriġ ar son na Gaeilge agus a rinne saiḃreas air.

Luaiġ an Teaċta Cé Cill Rónáin. Sa ċás sin is rud teicniúil atá i gceist. Tá na hiascairí le dul i gcoṁairle leis na hinnealtóirí sa Ḃord Oibreaċa Poiblí. Ní ṫáinig siad le ċéile go fóill. Má ṫagann siad le ċéile is dóċa go mbeiḋ siad ábálta teaċt ar réiteaċ a ḃeiḋ sásúil don dá ṫaoḃ.

Labair an Teaċta Ó Laoire. Is trua liom go ḃfuil dearcaḋ ċoṁ héadóċasaċ sin ag duine ċoṁ hóg leis an Teaċta. Tá i ḃfad níos mó airgid á ċur ar fáil againn i mbliana don Ġaeltaċt. Caiṫeaḋ an t-airgead uilig a cuireaḋ ar fáil anuraiḋ. Ní raiḃ mé ábálta an ċaint a rinne an Teaċta Ó Laoire faoi sin a huiscint. Ḃí sé ag gearán gur caiṫeaḋ an t-airgead. Is dóċa go mbeaḋ sé ag gearán mura gcaiṫfí é.

Luaiġ sé an Páipéar Bán. Dúirt sé gur dóċa naċ mbeiḋ mórán eile le cloisteáil faoi sin. Tá an Páipéar Bán bunaiṫe ar na moltaí a fuarṫas ón gCoimisiún um Aṫḃeoċan na Gaeilge. Ḃí daoine ar an gCoimisiún sin a raiḃ dúil acu sa Ġaeltaċt agus sa Ġaeilge agus corr-ḋuine naċ raiḃ i dtreo is go dtiocfaḋ siad ar réiteaċ a ḃeaḋ fiúntaċ. Tá na moltaí atá leagṫa amaċ sa Ṗáipéar Bán ag an Rialtas bunaiṫe ar ṁoltaí an ċoimisiúin sin. Is dóiġ liom gur ġlac an Rialtas leis an gcuid is mó de na moltaí.

Luaiġ an Teaċta moḋanna múinteoireaċta. Ui-ṡílim go dtagann an ċeist sin faoin Roinn seo. Ní adṁaím féin go ḃfuil sé fíor go ḃfuil na páistí uilig in éadan na Gaeilge. Tá a ḟios agam go ḃfuil scrúdú á ḋéanaṁ ar na moḋanna múinteoireaċta agus tá mé cinnte go gcuirfear feaḃas orṫu nuair a ḃeiḋ na saineolaiṫe réiḋ leis an obair.

Luaiġ an Teaċta Mac Oċagáin scéim na dtiṫe gloine. Tá scéim úr á réiteaċ againn do ṫiṫe gloine aċ níl sé ullaṁ go fóill.

Ṁol an Teaċta Ó Briain agus sílim, an Teaċta Ó Doṁnaill dul isteaċ i gceist na limistéirí Gael taċta. I láṫair na huaire tá sé glacṫa ag an Rialtas leis na limistéirí a leagaḋ amaċ i 1956, aċ is féidir leis an Roinn an ċeist a scrúdú féaċaint ar ċóir áiteanna atá istiġ a ċaiṫeaṁ amaċ nó áiteanna atá amuiġ a ċur isteaċ.

**Donnċaḋ Ó Briain:** Áiteanna ba ċeart a ḃeiṫ ann.

**An tUasal Ó Faċtna:** Sin an rud atá mé a ṁaíoṁ. Rinne an Teaċta tagairt do na Coláistí Gaeilge. Ní hé sin, go díreaċ, mo ċúram. Faoin scéim atá anois ann tá na deontais ag dul do ṗáistí a ṫéann go dtí an Ġaeltaċt. Aċ ní gá dóiḃ freastal ar Ċoláiste. Ní ḃaineann an deontas le Coláiste. Ar an ábar sin ní ṫig linn na deontais faoin scéim a ṫaḃairt do na Coláistí atá i gceist ag an Teaċta.

Labair an Teaċta Ó Maolṁuaiḋ fá dtaoḃ de obair a ṡoláṫar do ṁuintir na Gaeltaċta. Ní ṫig liom a rá aċ aṁáin nuair ḃeiḋ an Bille fríd an Dáil go mbeiḋ ar ċumas Gaeltarra Éireann tuilleaḋ oibre a ċur ar fáil sna limistéirí Gaeltaċta. Ċoṁ maiṫ leis sin, is féidir tionscal prioḃáideaċ a ṁeallaḋ go dtí an Ġaeltaċt tríd an ḃForas Tionscail.

Ba ṁiaṫ liom tagairt ġairid a ḋéanaṁ do na deontais tiṫíoċta sna ceantair Ġaeltaċta. Tá deontais speisialta á gcur ar fáil ag an Rialtas leis na blianta sa Ġaeltaċt agus is fearr iad ná na deontais a ṫugtar sa ċuid eile den tír. Tá sé sin á ḋéanaṁ mar ċuid den iarraċt ċun an Ġaeltaċt a ċaoṁnú agus caiġdeán maireaċtála na ndaoine inti a ardú. Déarfainn ón taiṫí atá agam go mbaintear feiḋm maiṫ as na deontais sin agus is léir go ḃfuil feaḃas mór tagṫa ar ṫiṫe na Gaeltaċta i gcaiṫeaṁ na mblianta.

Tá de ċuṁaċt ag na Coṁairlí Contae deontais ḟorlíontaċa a ṫaḃairt de ṗunt in aġaiḋ gaċ punt den deontas Rialtais. Aċ is oṫ liom a ṫaḃairt faoi deara, sa ġearrṫréiṁse atá caite agam i Roinn na Gaeltaċta. naċ ndéantar é sin i ngaċ contae ina ḃfuil ceantar Gaeltaċta. Mar ġeall ar sin, is fearr an deontas iomlán a ġeoḃaḋ feirmeoir beag i mo ḋáilċeantar féin i gContae Lú mar ṡampla, ná duine den tsaġas ċéanna i gceantar áiriṫe Gaeltaċta. Cuireann sé sin ar ceal, a ḃeag nó a ṁór, beartas an Rialtais i leiṫ na gceantar ina labhartar an Ġaeilge agus ba ṁaiṫ liom a iarraiḋ ar na Teaċtaí ar gaċ taoḃ den Teaċ, a ḃfuil ceantar Gaeltaċta mar ċúram orṫu agus atá ina gcoṁaltaí d'Údaráis Áitiúla, féaċaint leis na hÚdaráis sin a spreagaḋ, cibé beartas ginearálta atá acu i leiṫ na ndeontas forlíontaċ tiṫíoċta, ċun go dtaḃarfaiḋ siad punt in aġaiḋ gaċ punt den deontas Stáit i gceantair Gaeltaċta.

Is é barúil an Rialtais naċ foláir an Ġaeltaċt a ċaoṁnú ⁊ a neartú ċun go ḃféadfar an Ġaeilge a ṡlánú. Sílim go nglactar go forleaṫan leis an ḃarúil sin. Is eol dom go ḃfuil daoine ann a ċreideann dáiríre go ḃféadfaí an teanga a úlánú fiú dá n-imíoḋ sí as na ceantair ina labhartar í san am i láṫair; tugann siad somplaí dúinn ó ṫíorṫa eile ar nós na hIosraela marar ṫárla aṫḃeoċán den tsaġas sin. Aċ caiṫfiḋ na daoine sin a adṁáil go raiḃ toscaí i gceist sna háiteanna sin naċ mbaineann leis an gcás seo againne agus, ar an gcuid is fearr de, gur saoṫar millteanaċ deacair a ḃeaḋ ann an Ġaeilge a ṡlánú in éagmais na Gaeltaċta, dá dtiocfaḋ é a ḋéanaṁ ċor ar biṫ.

Is féidir leis na páistí dul ċun na Gaeltaċta le feaḃas a ċur ar a gcuid Gaeilge agus is rud táḃaċtaċ é sin aċ sé mo ḃarúil féin is táḃaċtaí fós an tslí a dtéann cuairt ar an nGaeltaċt i gcion ar aigne an ṗáiste nár aiṫniġ an Ġaeilge roiṁe sin aċ mar ábar eile scoile agus a ḟeiceann anois gur teanga ḃeo, ḃríoṁar í atá á labhairt ní aṁáin ag oidí scoile agus státseirḃísiġ aċ ag an ḃfeirmeoir, ag an siopadóir, ag fear an ṗoist agus mar sin de. San iarraċt atá ar siúl againn ċun riaċtanas na Gaeilge a ċur ina luí ar aos óg na hÉireann, is iontaċ an cleaċtaḋ é seo agus is cinnte go dtiocfaiḋ dea - ṫoraḋ as.

Is ábar-mór-táḃaċta do gaċ duine ar spéis leis leas an náisiúin an iarraċt ní aṁáin ċun an Ġaeltaċt a ċaoṁnú aċ ċun í a leaṫnú. Iarraċt dúinn uilig i gcoṁar lena ċéile atá ann. Tá práinn agus deifir leis agus ní hacṁainn dúinn trá ná scaipeaḋ a ligean ar ár n-iarraċt. Tá mórċuid eagras agus dreamanna againn san am i láṫair a ḃfuil spéis acu sa Ġaeltaċt agus in aṫḃeoċán na Gaeilge. Sílim gur fíor a rá naċ dtg le héinne a ṡéanaḋ go ḃfuil an dea-ṫoil acu, aċ is eagal liom gur fíor a rá fosta go ndéantar, i gcásanna anseo agus ansiúd, mórán díograise agus fuinniṁ, a ḃfuil géarġá leo san saoṫar atá roṁainn, a ċur amú le conspóidí ⁊ lnċtúċán faoi rudaí naċ mór le rá iad. Na conspóidí sin gan éifeaċt tarraingíonn siad lagmisneaċ ar ṗobal na hÉireann, daoine a ḃfuair mé riaṁ an buntéagar ceart a ḃeiṫ iontu i gcúiseanna náisiúnta agus laġdaíonn siad sum na ndaoine sin in ár n-aiḋmeanna náisiúnta.

Ar an ábar sin iarraim arís ar na dreamanna uile ar mór acu leas na Gaeltaċta agus na Gaeilge teaċt le ċéile i sprid aontaċta na linne seo. Bímis ag faire. agus ag gearán más gá, aċ bíoḋ tús ag an gcuidiú ar an gcáineaḋ againn. Tá obair ṁór roṁainn agus ní neart go cur le ċéile.

**P. Ó Doṁnaill** — An féidir leis an Aire a rá conas tá ag airí le Scéim na Muc agus Scéim na dTiṫe Gloine?

**P. Ó Faċtna** — Tá. Scéim na Muc ag dul ar aġaiḋ go maiṫ.

**P. Ó Doṁnaill:** An ḃfuil breis airgid anseo i gcóir Scéim na dTiṫe Gloine?

**P. Ó Faċtna**—Tá.

Glacaḋ leis an ḃóta d'aonġuṫ.

*TIR NA nOG*

**COLÁISTE CRÓNA**

Ára Ṁór,

Tírċonaill.

Nuair a ṫiocfas an Saṁraḋ 's teas insan spéir
Fág slán ag na leaḃair a's ag saoṫrú an léinn,
Bí linn ins na bádaí ċuig Uí Breasail na nGael
A's i nÁrainn an Aoiḃnis ġeoḃair spórt agus scléip.

*Cursai*

**30/6/65 —— 24/7/65**
**27/7/65 —— 20/8/65**

**Clár agus gach eolas ó'n Rúnaí, Coláiste Króna, Ára Mór**

no AMARACH, Ceanannus Mor.

**Cuir d'áit in áirithe gan mhoill.**